# Athruithe ar an tsraith léarscáilíochta Discovery ar scála 1:50,000

Tá branda Thailte Éireann ar na léarscáileanna nua agus ní bheidh lógó orthu ach lógó Thailte Éireann atá ann in áit lógó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

Cuireadh an eochair eolais nua ina ceathrúna ar mhaithe le léamh a éascú

## EOLAS LÉARSCÁILE

**Maidir leis an eochair eolais, athdhearadh a leagan amach chun teacht leis an táirge nua léarscáile ar scála 1:50,000.**

**Cuimsítear an méid seo a leanas:**

**Siombailí nua:** Seasann siombailí breise do ghnéithe léarscáile nuashonruithe – ní úsáidtear ach trí dhath ar mhaithe le comhleanúnachas.

- Dath fíona a sheasann do shiombailí ‘topografacha’ agus ‘turasóireachta’ ar talamh, ach amháin ‘seaniarsmaí’, a bhfuil dath dearg orthu.
- Dath gorm ar siombailí a sheasann do sheirbhísí ‘mara’, mar atá seirbhísí ar muir.
- Dath dearg ar siombailí a sheasann do sheirbhísí éigeandála.
- Cuireadh deireadh le roinnt siombailí a úsáideadh ar an tseaneochair eolais agus ní bheidh siad ar an eochair eolais nua.

**Gnéithe Athdheartha:** Rinneadh mionchoigeartú ar shiombailí reatha d’fhonn is go mbeadh cuma níos soiléire is níos comhaimseartha orthu.

**Caighdeánú:** Tá siombailí le fáil i ngach táirge léarscáile ag teacht lena chéile anois.

**Rangú Loighiciúil:** Rangaítear gnéithe faoi cheannteidil shoiléire atá bunaithe ar a bhfeidhm agus a n-úsáid

Tailte Éireann | scoilnet maps | Oide

# ATHRUITHE IS TÁBHACHTAÍ AR NA SIOMBAILÍ A BHAINEANN LE CÚRSAÍ IOMPAIR

Bóithre dola a bhfuil siombail leo a thugann le fios áit na ndolabhothanna

Tá samplaí de gach débhealach san eochair eolais anois.

Ní chuirtear in iúl ach aon stíl amháin de bhóthar den tríú grád.

Úsáid siombailí nua chun seirbhísí príomhbhealaigh a léiriú.

Cuireadh i bhfeidhm dearadh nua chun gach aicme bóthair atá “á thógáil” a léiriú

Cuireadh i bhfeidhm dearadh nua chun tollán bóthair agus tollán iarnróid a idirdhealú

Athraíodh an dath le haghaidh líne tionsclaíochta an iarnróid.

Athdhearadh ar líne an bháid farantóireachta – idirdhealaítear iad leis na siombailí “V” le haghaidh feithicle agus “P” le haghaidh paisnéara.

Athdhearadh siombailí aerfoirt agus siombailí aerpháirce, is siombailí ar talamh iad atá ar dhath an fhíona.

Siombail nua le haghaidh calafort fartha: seirbhís ar muir í sin, a bhfuil dath gorm uirthi.

# ATHRUITHE IS TÁBHACHTAÍ AR NA SIOMBAILÍ A BHAINEANN LE CÚRSAÍ TURASÓIREACHTA

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Ionad Campála atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Ionad Carbháin atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Oifig Turasóireachta, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann. Níl ann ach aon tsiombail amháin anois chun a léiriú go bhfuil uaireanta oscailte rialta agus uaireanta oscailte srianta ann.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Oifig an Phoist, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Páirceála, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Ionad Amhairc, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann. Bíodh a fhios agat nach léiríonn an tsiombail sin ach go bhfuil radharc ar fáil ar an láthair; ní thugtar aon sonraí ar threo an radhairc.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Ionaid na Taisce, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann

Siombailí nua le haghaidh gnéithe a sheasann d’ionaid léirmhíniúcháin ar léarscálacha ar scála 1:50,000, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Anaclann Dúlra atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Cúrsaí nó dumhach ghailf ar scála 1:50,000, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann. Ní tugtar le fios an líon poll ar fáil i ngach cúrsa / dumhach ghailf.

Cúrsaí rásaíochta capaill ar scála 1:50,000, atá ar dhath an fhíona chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis an turasóireacht atá ann.

Túis na siúlóide – siombail choiteann a cuireadh i bhfeidhm chun tús gach siúlóide le haghaidh bealaí glasa, siúlóidí, bealaí rothaíochta, marcaíocht ar chapall agus conairí céaslóireachta a léiriú.

Bealaí nua ilchosáin a léiríonn bealaí ar mhaithe le rothaithe agus siúlóirí araon.

Léirítear Bealaí Glasa. Gné nua í seo a léiríonn coscáin atá slán ó thrácht agus a rinneadh ar son siúlóirí agus rothaithe.

Cosán le haghaidh marcaíocht ar chapall – Gné nua í seo a léiríonn cosán marcaíochta nó cosán eachaíochta a rinneadh ar mhaithe le marcaíocht ar chapall.

Conair chéaslóireachta – Gné nua í seo a léiríonn bealach gorm inseolta feadh uiscebhealaigh leithéidí abhann, canála, nó locha.


Léirítear siúlóidí go fóill a bhfuil marcanna slí ar an mbealach. Ní léirítear roinnt siúlóidí a bhfuil fad níos lú ná 5km acu

Athdhearadh an tsiombail le haghaidh na nGardaí, a bhfuil dath dearg uirthi a thugann le fios gur siombail a bhaineann leis na seirbhísí éigeandála atá ann

Úsáid siombailí nua chun Stáisiún Dóiteáin a léiriú, a bhfuil dath dearg uirthi chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis na Seibhísí Éigeandála atá ann.

Úsáid siombail nua le haghaidh Áiteanna Tarrthála Cois Cósta, a bhfuil dath dearg orthu chun a léiriú gur siombail a bhaineann leis na Seirbhísí Éigeandála atá ann.


## TOPAGRAFAÍOCHT ATHRUITHE AR TALAMH




Tháinig athrú beag ar an stíl a úsáidtear le haghaidh Coillearnach Dhuillsilteach, Coillearnach Bhuaircíneach, agus Coillearnach Mheasctha. Athraíodh go donn an líonadh cúlra i gcás Coillearnach Mheasctha. Is é atá i gceist cabhrú le paistí foraoiseachta a aithint trína líonadh cúlra sa chás go bhfuil an ceantar róbheag chun an tsiombail ina iomlán a léiriú.




Gné nua is ea Spás Glas a léiríonn spásanna glasa áineasa i gceantracha uirbeacha leithéidí páirceanna.




Limistéar foirgithe a léiríonn ceantracha ina bhfuil gráigeanna foirgneamh agus ceantracha uirbeacha.
Úsáidtear bóthar réigiúnach laistigh de limistéar foirgithe chun an ghné sin ar an eochair eolais a léiriú anois.




Athdhearadh an líne le haghaidh tarchur leictreach




Léirítear seaniarsmaí leis an tsiombail reatha go fóill agus cuirtear ciorcal breise timpeall ar an tsiombail a sheasann do láthair chatha.




Athdhearadh an tsiombail le haghaidh Stáisiún Cumhachta. Ní thugtar le fios a thuilleadh cé acu stáisiún cumhachta atá ann, bíodh sin stáisiún cumhachta breosla iontaise / stáisiún hidreachumhachta. Léirítear siombailí ar talamh le dath fíona.



Athdhearadh an tsiombail le haghaidh feirm ghaoithe. Léirítear siombailí ar talamh le dath fíona.




Athdhearadh an tsiombail le haghaidh crann cumarsáide. Léirítear siombailí ar talamh le dath fíona.



Rangaítear Séipéil, Eaglaisí, Ardeaglaisí ina aon rang amháin, siombailí ar talamh iad agus léirítear le dath fíona iad.


## TOPAGRAFAÍOCHT ATHRUITHE AR MUIR




Cuireadh i bhfeidhm dearadh nua ar aibhneacha agus ar shruthán; coigeartú an-bheag é seo ar chomhdhéanamh an datha le haghaidh na ngnéithe sin.




Cuireadh i bhfeidhm dearadh nua ar chanálacha ar coigeartú an-bheag é ar chomhdhéanamh an datha le haghaidh an ghné sin.



Cuireadh i bhfeidhm líonadh nua le haghaidh locha, ina bhfuil scáileanna éadroime ciain i lár an locha a athraíonn go scáileanna níos dorcha ar na himill.




Den chéad uair ar an scála sin, úsáid siombailí le haghaidh lathaí, gainimh is duirlinge, agus carraig chothrom ina theannta le limistéar cois cósta chun an cósta agus a chomhdhéanamh a leagan amach lena thuilleadh sonraí. Ní léirítear an líne lag trá agus an líne bairr láin ar scála 1:50,000 a thuilleadh.




Athdhearadh an tsiombail le haghaidh teach solais in úsáid/as feidhm, úsáidtear siombailí a bhfuil dath gorm orthu a sheasann do ghnéithe ar muir.


## TOPAGRAFAÍOCHT ATHRUITHE AR THEORANNACHA




Depicts International boundary between Northern Ireland and the Republic of Ireland.The composition of this line type has changed slightly in its colour and arrangement.




Léirítear an teorann idirnáisiúnta idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. Athraíodh comhdhéanamh na líne sin beagán ó thaobh a dhatha agus a leagan amach de.



Athdhearadh an teorann Gaeltachta go líne chorcra ó theorann a léiríti le líonadh trédhearcach buí




Athdhearadh na siombailí ar talamh a úsáidtear le haghaidh raon lámhaigh míleata.Athraíodh comhdhéanamh na siombailí sin beagán.




Athraíodh an dath le haghaidh an trasnaithe líontáin lena léiriú an áit a dtrasnaíonn líne dhomhanfhaid agus líne dhomhanleithid a chéile.

Ní léireofar teorannacha timpeall ar pháirceanna náisiúnta ná páirceanna foraoise amach anseo. Is féidir ainm na páirce nó na foraoise a léamh ar an léarscáil, ach ní léirítear a dteorannacha le himlíne.

## TOPAGRAFAÍOCHT ATHRUITHE AR AIRDE




Maidir leis an ngrádán airde a úsáidtear le hairde a léiriú laistigh den limistéar léarscála, athraíodh a stíl beagán ó thaobh chomhdhéanamh a dhathanna/scáileanna de. Níor tháinig aon athrú ar raon na línte comhairde ach éadromaíodh na scáileanna toin.



Athdhearadh na siombailí a d'úsáidtí le haghaidh eolas ar mhullaigh go léiriú de chiorcal trédhearcach chun tacú le hinfheictheacht gnéithe léarscála ar bharr an mhullaigh, amhail línte comhairde,
spotairdí agus galláin triantánachta.